BGE/RG/AH/1210

Bord Gáis Energy
samhlaímis

Sa bhaile

Nollaig / Eanáir 2011

SAN EAGRÁN SEO

Fan deas te agus coimeád costais íseal 3

Plan-Pay - bealach inláimhsithe le híoc 4

Ag freastal ar chustaiméirí **a bhfuil gá acu leis** 5

Fáilte go Sa bhaile

Oireann béilí breátha a thugann teas agus compórd araon ó Oícheanta an Gheimhridh. Tá an **Foireann Baile** tar éis a bheith gnóthach ag smaoineamh ar nodanna téitheoireachta a choimeádfaidh an teocht i do theach ard agus do bhillí íseal. Leis an méid seo ar aigne againn, lenár rogha billeála, **Plan-Pay**, is féidir leat costas do bhillí a leathadh go cothrom ar fud na bliana.

Do chustaiméirí a bhfuil cúnamh breise de dhíth orthu cuireann an **Clár Seirbhísí Speisialta** béim.ar conas mar atáimid ag obair le custaiméirí atá ag brath go mór orainn an t-am seo don bhliain.

Tá súil agam go mbainfidh tú sult as do chóip is déanaí de Sa bhaile agus má tá ceist ar bith agat, níl ort ach rphost a sheoladh chugainn ag **athome@bordgaisenergy.ie**. Cuimhnigh, táimid anseo chun cabhrú leat.

TRACY KENNEDY *Ceannasaí Oibríochtaí Custaiméirí*
BORD GÁIS ENERGY

STAITISTICÍ TÁBHACHTACHA

6ú

Beidh Maratón Chathair Chorcaí Bord Gáis Energy ar siúl ar an 6ú Meitheamh 2011.

20°C

Trí do theirmeastat a choimeád ag an teocht seo is féidir leat coigiltí móra a dhéanamh ar do bhille.

15%

Is féidir leat fónamh a bhaint as na sladmhargaí atá ar fáil an mhí seo le soilse d'aom léitheoireachta agus leapa do pháistí ónár siopa ar líne.

Cuir glaoch ar ár Foireann Baile ar **1850 427 423** nó féach ar **bordgaisenergy.ie** chun foghlaim faoi na coigiltis dá ndéanfá insliú ar do theach.

Fan deas te an geimhreadh seo agus coimeád costais íseal

Le linn míonna seo an gheimhridh, teastóidh uait do theach a bheith te, teolaí agus airgead a shábháil. Sin an fáth gur chruinníomar le chéile na nodanna úsáideacha seo a chabhróidh leat Do bhaile a théamh agus na billí a chur faoi smacht.

1 **I dtosach báire, na téigh ach na seomraí a úsáideann tú i rith an lae. Ní chaillfidh tú an teas luachmhar má choimeádann tú na doirse go seomraí gan éinne iontu dúnta.**

2 **Coimeád an seomra cónaithe te i gcaitheamh an lae agus téigh an seomra leapa díreach roimh dul a chodladh. Réiteach den scoth is ea buidéal uisce te nó blaincéad leictreach, ach go deo ní i dteannta a chéile.**

3 **Stopfaidh cuirtíní maithe, dallóga, peilméid bhosca an teas ó bheith ag éalú.**

4 **Trí an teirmeastat a chasadh síos céim amháin - ó 21°C go 20°C - tiocfaidh athrú suntasach ar do bhille gan athrú a chur ar chompórd an tseomra. Chun barrmhaitheas choigiltis a bhaint amach is fearr teirmeastait a choimeád ag 18°C i seomraí leapa agus 20°C i ngach áit eile.**

5 **Cabhraíonn na céimeanna seo a leanas bheith coigilteach ar fhuinneamh agus teas a choimeád istigh rud a íslíonn costais téimh:**

- Uasghrádú coire
- Insliú san áiléar
- Imdhíonú ar shéideáin timpeall ar fhuinneoga, doirse seachtracha agus liopaí ar bhoscaí litreach.
- Insliú ar chuasbhallaí
- Fuinneoga atá gloinithe faoi dhó agus faoi thrí

Tabhair cuairt ar **teach idirghníomhach** ag **bordgaisenergy.ie** chun radharc sonrach d'fháil ar ár nodanna ar conas a bheith tíosach le fuinneamh agus conas iad a chur i bhfeidhm i ngach seomra sa teach agus conas coigiltí a dhéanamh agus bheith níos compórdaí.

Coimeád smacht ar do bhillí le Plan-Pay

Tugann Plan-Pay deis inláimhsithe d'úinéirí teaghlach a mbille a íoc. Lenár rogha Dochar Díreach Plan-Pay is féidir leat d'íocaíocht a leathadh amach go cothrom in imeacht na bliana, rud a fh agann an buiséadú níos éasca duit. Is féidir leat do bhille gáis reatha, gan riaráiste a áireamh, a chur isteach faoi Dhochar Díreach Plan-Pay.

Seo mar a fheidhmíonn Plan-Pay:

- Oibrítear amach an suim a íocann tú go míosúil ar an méid gáis a úsáideann tú sa bhliain.
- Má thagann athrú suntasach ar an méid gáis a úsáideann tú sa bhliain, déanfar athrú dá réir ar an íocaíocht mhíosúil. Cuirfear ar an eolas tú roimh ré ar do bhille má bhíonn aon athrú le déanamh.
- Tusa a roghnaíonn an dáta a tharlóidh an chéad íocaíocht trí Dhochar Díreach agus as sin amach, nó go gairid tar éis do lá íocaíochta, tógfar an suim ó do chuntas bainc nó cumainn fhoirgníochta.
- Nuair a thagann sé chomh fada le do bhille do Iúil/Lúnasa gach bliain , leathfar aon iarmhéid dochair nó creidmheasa ar an 31ú Iúil trasna íocaíochta míosúla na bliana ata le teacht.

Chun tús a chur le Dochar Díreach Plan-Pay, níl ort ach glaoch ar 1850 632 632 nó dul chuig bordgaisenergy.ie/planpay

Ár seirbhísí á gcur in oiriúint do riachtanais ár gcustaiméirí

Más custaiméir cónaithe tú atá scothaosta nó ar mhíchumas, táimid tar éis foireann **Clár Seirbhísí Speisialta** a fhorbairt agus sinn ag cuimhneamh ort-sa. Tá tú i dteideal seo má tá tú scothaosta (66 bliain nó níos sine agus ag maireachtáil i d'aonar nó le daoine scothaosta eile nó le mionaoisigh) nó má tá lagú gluaiseachta, éisteachta nó amhairc ort.

Á rith ar bhonn deonach, is féidir leat clárú don seirbhís rúnda seo chun:

Dícheangal ar fionraí
Ní dhícheanglófar soláthar gáis nádúrtha aon duine scothaosta incháilithe atá cláraithe linn idir na dátaí 1ú Samhain agus 31ú Márta.

Ainmniú Cúramóra
Má tá duine muinteartha, curamóir nó cara a chabhróidh leat súil a choinneáil ar do bhillí is féidir linn rudaí a eagrú go seolfaí do bhillí agus aon chomhfhreagras ó Bord Gáis Energy go díreach chucu siúd.

Seirbhísí do chustaiméirí atá dall nó ar lagradharc
Tá billí ar fáil i leagan Braille ach iad a lorg agus ceadaíonn billí labhartha dúinn an teileafón a úsáid chun labhairt leat agus do bhille a mhíniú duit. Is féidir linn téarmaí agus coinníollacha ar soláthar gáis a sheoladh chugat, ár gcairt chustaiméirí agus cóid chleachtais ar CD nó ar téip, má lorgaíonn tú iad.

Seirbhísí do chustaiméirí a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu
Tá ár seirbhís téasc teileafóin ar fáil do chustaiméirí lagéisteachta a bhfuil trealamh Minicom acu sa bhaile. Chun an tseirbhís seo a lorg glaoigh ar **1850 630 630**.

De bhreis ar seo, tá cárta aitheamtais le grianghraif air ag gach ionadaí de chuid Bord Gáis Energy a chabhróidh leat a bheith cinnte cé hiad má ghlaonn siad go dtí an doras chugat. Má bhíonn aon imní ort ina dtaobh, is féidir leat a n-aitheantas a dheimhniú ach glaoch ar Bord Gáis Energy ar an uimhir **1850 47 48 49**.

Le haghaidh eolas breise agus cóip de chóid chleachtais an Clár Seirbhísí Speisialta agus foirm iarratais téigh chuig **bordgaisenergy.ie** nó glaoigh orainn ag **1850 632 632**.